# Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil maidir le Scéim Pathfinder Bhóthar R161 ón Uaimh go Baile Átha Troim atá beartaithe



Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

comhairle chontae na mí
meath county council

## Forléargas ar an Tionscadal

Tá sé beartaithe ag Comhairle Chontae na Mí, i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar di faoi Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994, scéim Pathfinder Bhóthar R161 ón Uaimh go Baile Átha Troim a fhorbairt, bóthar a thosóidh ag Crosbhóithre Bhaile Réisc agus a chríochnóidh ag Acomhal na mbóithre réigiúnacha R161/R154. Clúdaítear achar timpeall 11km leis an scéim agus tá sé d'aidhm aici ceangal taistil ghníomhaigh a chur ar fáil idir an Uaimh agus Baile Átha Troim.

## Tá sé d'aidhm ag an Scéim:

- Ceangal níos fearr a chur ar fáil idir an Uaimh agus Baile Átha Troim do choisithe agus do rothaithe chun níos mó turais siúlóide agus rothaíochta a spreagadh;
- Sábháilteacht na gcoisithe agus na rothaithe a fheabhsú;
- Áiseanna rothaíochta ar chaighdeán seasmhach agus stuama a chur ar fáil
  idir an Uaimh agus Baile Átha Troim;
- Ceangal leis an mbonneagar rothaíochta atá beartaithe ag deireadh na scéime san Uaimh agus i mBaile Átha Troim agus ceangal leis na láithreacha is díol spéise feadh an bhealaigh eg. MDL, CLG Dunganny - na Mí agus Mainistir Bheigthí;
- Ceangal inbhuanaithe a chruthú le haghaidh modhanna taistil ghníomhaigh idir an Uaimh agus Baile Átha Troim;
- Cur le baint amach na spriocanna atá leagtha amach i bPlean Gníomhaithe Chomhairle Chontae na Mí 2024-2029;
- Cur leis na haidhmeanna agus cuspóirí a bhaineann le 'Beartas Náisiúnta Soghluaisteachta Inbhuanaithe 2022' chun turais bhreise taistil ghníomhaigh agus iompair phoiblí a chur ar fáil agus chun na ciliméadair a tiomáineadh le feithiclí faoi thiomáint breosla iontaise a laghdú.

## Achoimre ar Chlár Seachadta Spriocanna:

- Samhradh 2024: Measúnú Roghanna agus
  An Rogha is Dealraithí a Roghnófar a Aithint
- Fómhar 2024: An Rogha is Dealraithí a Roghnófar
- agus Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil
- Deireadh an Fhómhair 2024: Dearadh Réamhchéime
- Deireadh an Fhómhair/an Gheimhridh 2024: Mionsonrú ar an Dearadh & Tairiscint
- Geimhreadh 2024: Tús a chur leis an Tógáil

**Stádas faoi láthair:** Tá an scéim ag Céim 1 den Chomhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil faoi láthair agus aithníodh an Rogha is Dealraithí a Roghnófar.

**An Bealach is Dealraithí a Roghnófar:** Leis an Rogha is Dealraithí a Roghnófar, soláthrófar raon rothar scartha dhá bhealach a bheidh 9km ar fad agus áis chomhroinnte 2km ar fad d'úsáideoirí taistil ghníomhaigh. Taispeántar leis an Rogha is Dealraithí a Roghnófar áis nua atá le tógáil ar an taobh thiar den bhóthar R161 den chuid is mó, a cheanglóidh baile na hUaimhe, an príomhbhaile riaracháin agus an baile is mó sa Mhí, le baile saibhir oidhreachta agus turasóireachta Bhaile Átha Troim, rud a chuirfidh ceangal taistil ghníomhaigh ar fáil leis na sráidbhailte Baile Roibín agus Beigthigh agus leis na háiseanna spóirt amhail Ionad Bairr Feabhais CLG na Mí in Dunganny agus páirceanna sacair Shraithchomórtas an Cheantair & na Mí in Philpotstown.

Tá sé d'aidhm ag an Rogha is Dealraithí a Roghnófar áiseanna coisithe agus rothaíochta ar ardchaighdeán a bheidh 3m ar leithead a chur ar fáil feadh 11km den chonair bhealaigh ó Chrosbhóithre Bhaile Réisc go dtí Acomhal na mbóithre réigiúnacha R161/R154. Tá an Rogha is Dealraithí a Roghnófar le feiceáil ar an taobh eile de Léarscáil na Conaire Bealaigh. (Féach Fíor 1)

## Céard é an chéad rud eile:

- Céim 3: Dearadh Réamhchéime;
- Mionsonrú ar an Dearadh agus Tairiscint;
- Tógáil.

## Comhairliúchán Poiblí

Ba mhaith linn anois dul i gcomhairle leis an bpobal maidir leis an mBealach is Dealraithí a Roghnófar do Scéim Pathfinder Bhóthar R161 ón Uaimh go dtí Baile Átha Troim. Beidh an comhairliúchán poiblí neamhreachtúil seo ar bun ar feadh tréimhse coicíse ón 11/09/2024 go dtí an 25/09/2024, an dá dáta sin san áireamh. Beidh sonraí na scéime atá beartaithe ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh orthu ón 11/09/2024 ar láithreán gréasáin na Comhairle ag https://consult.meath.ie nó le linn uaireanta oifige ag oifigí Chomhairle Chontae na Mí ag Buvinda House, Bóthar Bhaile Átha Cliath, an Uaimh, Co. na Mí, C15 Y291.

## Aighneacht a Dhéanamh

Ba cheart aighneachtaí a dhéanamh tráth nach déanaí ná an 25/09/2024 trí láithreán gréasáin na Comhairle ar https://consult.meath.ie nó trí ríomhphost a sheoladh chuig activetravel@meathcoco.ie nó trí litir a chur sa phost chuig: Taisteal Gníomhach Iompair, Comhairle Chontae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, an Uaimh, Co. na Mí, C15 Y291.

## Déan Teagmháil Linn

Má tá aon cheisteanna agat faoin scéim nó faoi aighneacht a dhéanamh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn ar an Ríomhphost ag: activetravel@meathcoco.ie nó ar an bhfón ag 046 9097000.

An English version of this document is available on request or can be downloaded from www.meath. ie. Tá leagan Béarla den cháipéis seo ar fáil ach é a iarraidh, nó is féidir é a íoslódáil www.meath.ie




Fíor: Léarscáil na Conaire Bealaigh maidir le Taisteal Gníomhach ón Uaimh go Baile Átha Troim



Teorainn Uirbeach na hUaimhe Roimh an Obair



Teorainn Uirbeach na hUaimhe Tar éis na hOibre



Dunganny (Ionad Bairr Feabhais CLG) Roimh an Obair



Dunganny (Ionad Bairr Feabhais CLG) Tar éis na hOibre



Ceantar Tuaithe Bhaile Átha Troim Roimh an Obair



Ceantar Tuaithe Bhaile Átha Troim Tar éis na hOibre

Fótamontáisí Léaráidí na nEalaíontóirí